An Taisce
The National Trust for Ireland

Scoileanna-Glasa
An Taisce



# Saor ó Phlaisteach

## Barr-leideanna do Scoileanna

# Ábhair


2 Cén fáth a mbeadh tú saor ó phlaisteach?

3 Rudaí le cur san áireamh roimh tús a chur le d'fheachtas

4 Roghanna malartacha ar earraí aonúsáide

6 Buidéil uisce mar chuid de Scéim na mBéilí Scoile

7 Cás-staidéar

9 7 gcéim na Scoileanna Glasa

10 Saor ó Phláisteach Plean Sampla

11 Foirm Saor ó Phláisteach Plean


De réir a chéile, tá níos mó scoileanna ag tabhairt faoin dúshlán chun earraí plaisteacha aonúsáide a laghdú nó a dhíothú.

Sa leabhrán seo, gheobhaidh tú eolas faoi conas feachtas a chur ar bun i do scoil féin chun bheith saor ó phlaisteach agus chun an méid a n-úsáidtear earraí aonúsáide a laghdú:

"I ndiadh a chéile a thógtar na caisléáin."

— Seanfhocal Gaeilge


**Dearadh an lámhleabhar seo agus an inbhuanaitheacht mar bhuncloch –** TDearadh an treoirleabhar Saor ó Phlaisteach i 2025 i gcomhar le TheFACTORY.ie, an stiúideo priontála agus dearadh grafach inbhuanaithe is mó in Éirinn.

Rinneadh na leabhair seo a chur i gcló ar pháipéar 100% carbóin-chothromaithe agus athchúrsáilte ag baint úsáide as dúigh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Bhí na próisis deartha agus priontála araon á gcumhachtú ag fuinneamh glan féinghinte de chuid The FACTORY.

# Cén fáth a mbeadh tú saor ó phlaisteach?

**Tá breis is 950,000 dalta lánaimseartha bunscoile agus meánscoile ar fud na hÉireann - sin beagnach 20% de na daoine go léir sa tír.**


Tá scoileanna i gcroílár gach uile phobal agus is féidir leo dul i bhfeidhm go mór ar chúrsaí. Dá nglacfadh gach uile scoil le cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus dá bhfaighidís réidh le hearraí plaisteacha aonúsáide, bheadh tionchar ollmhór aige sin ar ár sochaí agus ar an méid plaistigh a úsáidtear in Éirinn. Tá ról tábhachtach ag scoileanna chun oideachas a chur ar dhaltaí faoin dtionchar a bhíonn acusan féin ar an bpláinéad agus faoi conas cultúr den choinsiasacht agus den dea-chleachtas comhshaoil a chothú a fhanfaidh leo agus iad fásta aníos.



**Is fearr i gcónaí an Laghdú agus an Athúsáid ná an Athchúrsáil!** Is minic a leagtar béim ar an ngá atá le breis athchúrsála mar chuid riachtanach don inbhuanaitheacht a bhaint amach. Mar sin féin, teastaíonn go leor fuinnimh chun rudaí a athchúrsáil agus ní próiseas foirfe atá i gceist. Rud atá i bhfad níos tábhachtaí ná go laghdófar ar an méad dramhaíola i dtosach, trí níos lú earraí a úsáid, agus trí tháirgí a athúsáid a oiread agus is féidir. Mar shampla, is cosúil gur céim sa treo ceart é cupán caife inmhúirínithe agus indiúscartha a úsáid ach fós féin teastaíonn a lán acmhainní nádúrtha a úsáid chun é sin a dhéanamh (an talamh, an t-uisce, agus an fuinneamh mar shampla), agus cuireann sé le cultúr na haonúsáide, agus is annamh go ndéantar na cupáin seo a dhiúscairt mar is ceart. Is rogha níos fearr é cupán ath-inúsáidte a úsáid, ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

**Ní amháin an plaisteach atá faoi chaibidil leis seo...** Tá an plaisteach an coménta agus ar fáil i ngach uile áit ar domhain ach fós féin is ábhar an-luachmhar agus ilúsáide é. Mar chuid d'earnálacha eagsúla, i bhfearas leighis mar shampla, tá an plaisteach fíochmhar luachmhar. Mar sin féin, ba chóir a choimeád in aigne gurb í an fhadhb is mó ná ár gcultúr aonúsáide ina iomláine. Ó lár na 20ú aoise i leith, tá an t-idiú plaistigh tar éis pléascadh. Is acmhainní teoranta iad na hacmhainní a úsáidimid chun ár gcuid earraí go léir a tháirgeadh, agus bíonn tionchar comhshaoil i gcónaí i gceist le táirgíocht earraí. Mar shampla, scriostar gnáthóga nádúrtha mar gheall ar an mianadóireacht miotal chun cannaí deochanna a chruthú agus teastaíonn talamh agus uisce ó olltáirgeadh cupán agus sceanra inmhúirínithe chun an t-ábhar plandaí bunaidh a fhás, chomh maith leis sin, má chríochnaíonn rudaí inmhúirínithe sa ghnáthbhosca bruscair nó sa bhosca bruscair athchúrsála trí thimpiste, beidh siad ann go deo na ndeor! Ní mór na táirgí seo a chur i gcóras múirín aeróbach ionas go mbristear síos i gceart iad. Is í an teachtaireacht is tábhachtaí, ar ndóigh ná gur féidir linn an tionchar seo a laghdú go mór trí laghú ar thairgíocht dramhaíola agus bheith páirteach san **geilleagar ciorcalach**, cé go mbeidh tionchar againn i gcónaí ar an domhan nádúrtha. Is brí leis an geilleagar ciorcalach ná go mbaintear athúsáid agus go ndéantar athghiniúnt ar thairgí, ag cruthú coras caslúbach nach mbíonn tairgí ina ndramhaíl ag deireadh a saol ach acmhainn do thairgí nua eile. Diúltaigh an úsáid aonuaire, bíodh luach againn arís ar an sealúchas!

**Geilleagar Lineach**




**Geilleagar Ciorcalach**



# Rudaí le cur san áireamh roimh tús a chur le d'fheachtas

**Pleanáil –** déan cinneadh ar cad í do sprioc, cad iad na bearta gur gá a dhéanamh chun í a bhaint amach, agus socraigh ar fhráma ama atá réadúil. Socraigh spriocanna rialta inchainníochtúla ionas gur féidir leat an dul chun cinn atá déanta agat a thomhas agus d'inspreagadh a chothú.

**Feasacht –** Múscail an fheasacht faoin bhfeachtas agus aimsigh an oiread duine agus is féidir le bheith páirteach chun é a chur i bhfeidhm - déan cinnte go bhfuil a fhios ag daoine cén fáth go bhfuil an scoil ag fáil réidh leis an bplaisteach, go dtuigeann siad na himpleachtaí diúltacha don chomhshaol agus don tsláinte a bhaineann leis, agus na buntáistí a bhaineann leis an úsáid laghdaithe, dúinn féin mar dhaoine aonair agus don phobal domhanda, chomh maith le bealaí inar féidir le daoine an méid a n-úsáideann siad an plaisteach, iad féin, a laghdú. Cén fáth nach mbaileofaí na buidéil phlaisteacha go léir a úsáidtear in aghaidh na seachtaine agus taispeántas a dhéanamh díobh, ionas gur féidir le daltaí agus le baill foirne an méid dramhaíola a tháirgtear a fheiceáil?

**An Fhoireann –** is minic a bhíonn sé éasca leanaí agus daoine óga a spreagadh i dtreo cleachtas inbhuanaithe agus bíonn siad an-tógtha le saincheisteanna comhshaoil. Is féidir leis a bheith níos dúshlánaí iompar daoine fásta a athrú, mar go mbíonn a nósanna agus roghanna seanbhunaithe féin acu. D'fhéadfadh an fhoireann teagaisc a bheith faoi bhrú freisin mar gheall ar an ualach oibre agus an bhainistíocht ar chláir sheach-churaclaim, agus mar gheall ar thosaíochtaí agus suimeanna eile atá acu. Mar sin féin, tá sé an-tábhachtach don fhoireann a bheith ina heiseamláir agus go dtacódh sí le haon fheachtas comhshaoil sa scoil. Is dóchúla go bhfeicfear torthaí dearfacha agus go bhfaighfear tacaíocht trí dhearcadh dearfach a bheith agat seachas trí chóras nua a bhrú ar bhaill foirne neamhthoilteanacha a d'fhéadfadh breathnú air mar rud breise ar a n-ualach oibre nó mar mhíchaoithiúlacht.

**Am –** Cosúil le haon athrú, beidh roinnt fadhbanna agus constaicí féideartha le sárú agus an scoil ag fáil réidh leis an bplaisteach. Ná bí ag súil le spriocanna a bhaint amach thar oíche ach socraigh fráma ama réadúil agus mion-spriocanna le baint amach ar an mbealach.

**Bonneagar –** Déan machnamh ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach do bhonneagar na scoile chun an t-aistriú go scoil saor ó phlaisteach a éascú. Mar shampla, an bhfuil scairdeáin uisce nó sconnaí uisce óil sa scoil chun buidéil a athlíonadh?

**Costas –** D'fhéadfadh go mbeadh costas tosaigh i gceist chun a bheith saor ó phlaisteach, ach is gearr go bhfaighfear luach na infheistíochta. Féach cad iad na deontais atá ar fáil nó ar roghanna maoinithe eile chun scairdeáin uisce a chur i do scoil, nó chun buidéil ath-inúsáidte le lógó na scoile a dhearadh. Eagraigh ócáid tiomsaithe airgid, leithéidí díolacháin císte nó lá gan éide scoile.








# Roghanna malartacha ar earraí aonúsáide



**Buidéil Phlaisteacha –** Fáil réidh le buidéil aonúsáide agus faigh buidéil ath-inúsáidte ina n-ionad, déan do thaighde féin ar an gcineál buidéil is fearr duitse: molaimid an chruach dhosmálta nó an t-alúmanam seachas an plaisteach crua. Maireann an chruach dhosmálta agus coinníonn sé deochanna blasta agus úr, ach tá an t-alúmanam níos éadroime le hiompar agus níos saoire le ceannach. An bhfuil sconnaí nó foinsí uisce inrochtana sa scoil inar féidir le daltaí iad a athlíonadh? Spreag tuismitheoirí súnna i mbuidéil phlaisteacha nó i gcartáin le soip a mhalartú le scuais chaolaithe. Bainfidh roinnt daoine úsáid as an mbuidéal aonúsáide céanna arís agus arís eile, ach ó thaobh na sláinte de ní mholtar é sin mar go ndíghrádaíonn an plaisteach agus is féidir ceimiceáin dhíobhálacha a scaoileadh isteach in uisce óil.



**Soip –** Ó bhí Aibreán 2019 ann tá cosc dlíthiúil ar scoileanna plaistigh aonúsáide a cheannach, mar shampla soip. Is féidir daltaí a spreagadh arís soip a sheachaint trí bhuidéal ath-inúsáidte a úsáid seachas cartán nua sú a thabhairt leo gach lá. Tá soip déanta as miotail, bambú agus páipéir ar fáil go forleathan anois mar rogha ar shoip phlaisteacha.



**Pacáistiú Bia –** Féadfar gurb é seo an cineál de phlaisteach aonúsáide is deacra a smachtú toisc go mbíonn a lán táirgí bia réamhphacáistithe, agus toisc go mbraitheann sé go mór ar cad a chuireann tuismitheoirí i mboscaí lóin a leanaí. Is iad na pointí gur cheart béim a chur orthu ná: gur féidir lón sláintiúil, mar shampla ceapaire agus píosa torthaí, a thabhairt gan aon ghá a bheith ann leis an bpacáistiú plaisteach. Bíonn go leor bianna réamhphacáistithe mionphróiseáilte agus méid ard salainn nó siúcra iontu. Tá iógart i bpotaí in-athchúrsáilte níos fearr ná iógart i bhfeadáin phlaisteacha , ar ghá iad a chur sa dramhaíl ghinearálta - agus tá sé níos fearr fiú pota ath-inúsáidte a athlíonadh as coimeádán mór iógairt. Féadfar go mbeadh sé ina údar spreagtha do thuismitheoirí an méid pacáistithe a chuireann siad sna boscaí lóin a laghdú má chuirtear an dramhaíl phacáistithe nach féidir a athchúrsáil a sheoladh abhaile. Más siopa áitiúil nó ag lónadóir in-scoile a chuireann an lón ar fáil, labhair leis nó léi faoin laghdú pacáistithe, nó athraigh go sceanra agus gréithe in-athúsáidte in ionad an phlaistigh. D'fhéadfadh drogall a bheith ar roinnt gnólachtaí beaga chun cuidiú leis an aistriú go hearraí saor ó dhramhaíl a dhéanamh nó chun an méid a úsáidtear earraí aonuaire, ar dtús. D'fhéadfaidís a bheith buartha faoin féidearthacht go mbeidh orthu a gcórais agus na próisis atá seanbhunaithe a athrú, nó d'fhéadfadh imní a bheith orthu faoi chostais nó faoi phrótacail sláinteachais. Tacaigh leo leis an aistriú seo a dhéanamh trí thaighde a dhéanamh ar roghanna eile, ar choigiltis fhadtéarmacha agus trí aird a tharraingt ar imní na ndaltaí maidir leis an gcomhshaol.

# Roghanna malartacha ar earraí aonúsáide



**Scannán Cumhdaithe –** Is cineál plaisteach bog é an scannán cumhdaithe a cuireann le fadhb na dramhaíola phlaistigh sa scoil. I measc na roghanna eile ar scannán cumhdaithe tá clúdaigh céireach beach ar féidir iad a shruthlú agus a athúsáid. Ní mholaimid scragall stáin mar rogha mar go gcruthaíonn sé seo níos mó dramhaíola. Is féidir boscaí lóin ath-inúsáidte ardchaighdeáin a cheannach a bhfuil cruthanna agus méideanna éagsúla acu, agus laghdaítear an gá atá le scannán cumhdaithe dá bharr.



**Acmhainní–** Bí feasach ar na hacmhainní atá á n-úsáid agat sa rang, tá níos mó agus níos mó táirgí neamh-inbhuanaithe ar nós criáin phlaisteacha "casadh" le feiceáil i leabharliostaí scoile, lena gcuirtear leis an dramhaíl phlaisteach gan ghá. Roghnaigh pinn luaidhe ildaite nó criáin den seandéanamh ina n-ionad.

**Gealra –** Is minic go ndéantar dearmad ar ghealra mar fhoinse thruaillithe phlaistigh, ach téann na blúirí beaga plaistigh síos ár ndoirtil agus amach inár n-aigéin, áit a n-itheann éisc agus inveirteabraigh mhuirí iad agus áit a n-imríonn siad tionchar mór díobhálach ar bhiashlabhraí na mara. Tá gealra in-bhithmhillte atá déanta as ceallalós plandaí ar fáil ach bíodh a fhios agat nach mbíonn sé seo saor ó phlaisteach i gcónaí.




**Balúin –** Is fachtóir mór iad balúin maidir leis an mbruscar plaisteach. Ag deireadh, is mar bhruscar ar thalamh nó níos minice ná sin, san fharraige, a chríochnaíonn gach uile bhalún a scaoiltear, bíodh sé sin d'aon ghnó ag searmanas bronnta nó ag ceiliúradh eile, nó trí thimpiste. Tá an plaisteach sa bhalún agus sa téad nó sa ribín atá ceangailte leis contúirteach don fhiadhúlra agus d'ainmhithe ar féidir leo a bheith curtha i bhfostú, i dtacht nó fiú bás a fháil má itheann siad é. Ná scaoil balúin ag imeachtaí scoile! Tá go leor roghanna eile ann chun ceiliúradh a dhéanamh ar ócáid speisialta - lena n-áirítear boilgeoga, eitleoga, crainn a chur nó a mhaisiú le stiallbhratacha, le bratacha nó le sraoilleáin.



**Leabhair a Chlúdach –** Clúdaíonn go leor tuismitheoirí leabhair scoile i gclúdach plaisteach chun iad a chosaint i rith na bliana. Nach bhféadfá iad a spreagadh chun an páipéar beartáin a úsáid ina ionad sin, nó fiú cumhdach plaisteach a athúsáid? Mar sin féin, ná dearmad, go mbíonn comhábhar plaisteach cumaiscthe ag páipéir ghealracha, mhiotalacha nó lannaithe nach féidir é a athchúrsáil.

# Buidéil uisce mar chuid de Scéim na mBéilí Scoile



Is féidir leis a bheith deacra go speisialta do scoileanna DEIS nó do scoileanna a fhaigheann lón agus buidéil uisce réamhphacáilte mar chuid de Scéim na mBéilí Scoile an dramhaíl plaistigh a laghdú, ach tá sé ag éirí níos coitianta scagairí uisce a shuiteáil mar mhalairt ar bhuidéil aonúsáide i scoileanna. Braitheann sé cad é an beart is fearr go mór ar na riachtanais agus ar theorainneacha acmhainní atá ag na scoileanna ar leith. Mar shampla, má tá sconnaí uisce óil i ngach seomra ranga, b'fhéidir nach gá ach buidéal ath-inúsáidte a chur ar fáil agus deireadh a chur leis an soláthar de na buidéil aonúsáide. B'fhéidir go mbeadh sé níos fearr do scoileanna nó do mheánscoileanna móra scairdeáin óil nó córas scagacháin uisce a shuiteáil.

**Ag labhairt le do sholáthraí lónadóireachta –** Tá go leor de na soláthraithe lón scoile sásta an t-aistriú chuig buidéil ath-inúsáidte a éascú, agus tá roinnt lónadóirí ag obair i gcomhpháirtíocht le cuideachtaí scagacháin uisce chun córais scagacháin nó dáileoirí a sholáthar do scoileanna. Téigh i dteagmháil le do sholáthraí féin chun na roghanna a phlé leis. Má tá an chuid dramhaíl ón bpacaistiú lón scoile, labhair le do soláthraithe faoi féidireachtaí ann chun é seo a laghdú, nó roghanna inbhuanaithe a aimsiú daoibh.

**Ag labhairt le do Bhord Bainistíochta –** Labhair le do Bhord Bainistíochta agus d'eolas bailithe agat roimh ré agus leis an togra leagtha amach go soiléir. Déan na coigiltis fhadtéarmacha agus an tionchar comhshaoil a bhaineann leis an athrú ó phlaisteach aonúsáide a ríomh agus bain úsáid as an eolas sin chun do chás a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta. D'fhéadfadh sé go mbeadh an Bord Bainistíochta in ann an costas go léir a mhaoiniú, nó cuid de a mhaoiniú agus an chuid eile a bhailiú trí dheontais nó trí imeachtaí tiomsaithe airgid sa phobal a reáchtáil.

## Deontais

Bíonn **Deontais Geilleagar Ciorclach/Cosc Truaillithe** ar fáil ó go leor údaráis áitiúla ar féidir leat iarratas a dhéanamh air chun cuid den chostas a bhaineann le scairdeáin uisce a chlúdach. Braitheann an méid maoinithe a bhíonn ar fáil ar an údarás áitiúil atá i gceist, téigh i dteagmháil leis an údarás áitiúil i do cheantar féin chun fáil amach an bhfuil deontas ar fáil acu agus cad iad na riachtanais atá i gceist - d'fhéadfadh go mbeadh an scoil in ann iarratas a dhéanamh nó b'fhéidir go mbeadh gá leis go ndéanfadh Oifigeach Feasachta Comhshaoil an údaráis áitiúil an aighneacht thar ceann na scoile. De ghnáth, bíonn spriocdhátaí luath go leor sa bhliain féilire.

Féadfaidh údaráis áitiúla deontais a thairiscint freisin faoi **Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide don Phobal** chun tacú le tionscadail inbhuanaitheachta chomhoibríocha idir údaráis áitiúla agus scoileanna nó grúpaí pobail. D'fhéadfadh scéimeanna deontais náisiúnta nó áitiúla eile a bheith ar fáil, agus d'fhéadfá iarratas a dhéanamh orthu le tacaíocht ó ghrúpaí pobail ar nós Bailte Slachtmhara.

# Cás-staidéar



**In 2018, ba í Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua sa Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath an chéad scoil in Éirinn a d'éirigh léi a bheith saor ó phlaisteach.**

Dar leis an scoil, is a bhuíochas le feachtas a bhí stiúrtha go príomha ag daltaí idirbhliana lán díograis ar éirigh chomh maith sin leis an tionscnamh. Rinne siad na roghanna eile seachas plaisteach aonúsáide a fhiosrú agus phléigh siad an feachtas leis an mbord bainistíochta agus lena soláthraí lónadóireachta, chun cosc a chur le hearraí plaisteacha aonúsáide i gceaintín na scoile. Rinne siad teagmháil freisin le siopaí áitiúla sa cheantar chun a dtacaíocht a lorg.

Rinne siad a mbuidéil chruaiche dhosmálta a dhearadh agus a fhoinsiú a raibh "Plastic Outta the Park" greanta orthu, agus cuireadh iad leis an liosta leabhar mar threalamh éigeantach do na daltaí nua sa chéad bhliana. Tarraingíodh na meán orthu freisin trí dhul i dteagmháil le stáisiúin raidió agus teilifíse áitiúla agus trí sheoladh mór a reáchtáil don fheachtas inar tugadh cuireadh do bhaill ENRanna comhshaoil, do pholaiteoirí áitiúla agus do chomhaltaí na comhairle.



## Roinnt nótaí eile...

**Achainí a dhéanamh –** Is cuid thábhachtach den iarracht a chun earraí plaisteacha aonúsáide a laghdú é achainí a dhéanamh. Scríobh chuig do Theachtaí Dála, d'Fheisirí Eorpacha, agus do chomhairleoirí áitiúla chun tacaíocht don fheachtas in aghaidh aonúsáide a lorg, agus chun polaiteoirí a choinneáil freagrach as an ngníomhú ar na saincheisteanna seo don tsochaí i gcoitinne.

**An Abhcóideacht ón tAos Óg –** Abhcóidí cumhachtach iad an dream óg chun an pobal a mhúscailt. Idir 2018 agus 2023, feictear dúinn leis an bhfeachtas "Fridays for Future", ceannródaithe ag gníomhaí Greta Thunberg ón tSualainn, daoine óga na domhain uilig ag dul i mbun stailce scoile in agóid ar neamhghníomh na rialtas faoin athrú aeráide, le breis is 14 milliún daoine ag dul chun na sráide ó thosach an fheachtais. Ar bhonn áitiúil, tá daltaí thar timpeall na tíre ag dul i mbun gnímh ina scoileanna agus a bpobal áitiúil chun déileáil leis na bhfadhbanna ar nós an athrú aeráide, an truailliú agus an neamhionannas. Stiúrann An Taisce roinnt "Cláir Ambasadóra" d'iar-bhunscoileanna mar chuid de chlár na Scoileanna Glasa agus Cláir Gníomhú ar son na hAeráide. Is féidir le daltaí páirt a glacadh sna chláir chun tuilleadh eolais a fháil faoin inbhuanaitheacht agus scileanna san abhcóideacht agus ardú feasachta a fháil. Is féidir le páistí óga a bheith mar dea–shampla sa scoil, dá dtuismitheoirí agus dá bpobal i gcoitinne, mar bhall den Choiste Scoileanna Glasa, agus a bpáirt féin a ghlacadh chun scoil shaor ó bhruscar agus a chaomhnaíonn fuinneamh agus uisce srl a mhúnlú.



**Eicea-Imní –** Feictear go bhfuil níos mó imní agus dúlagar i measc daoine óga agus daoine fásta araon, a bhaineann lenár ngéarchéimeanna éiceolaíochta reatha maidir le caillteanas bithéagsúlachta, leis an athrú aeráide agus leis an truailliú. Ní féidir a shéanadh gur saincheisteanna móra iad seo a d'fhéadfadh a bheith thar a bheith tromchúiseach. Tá sé tábhachtach a choimeád in aigne nach bhfuil aon duine amháin ann atá freagrach as fadhb gur fadhb dhomhanda í, cé go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanaimid go léir ár gcuid féin ina haghaidh, agus nach bhfuil sé de chúram air nó uirthi í a réiteach ina aonar nó ina haonar. Is é sin le rá, tá sé tábhachtach a aithint go gcaithfidh gach aon duine freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha agus as ár n-iompar ach go n-aithnímid freisin nach bhfuil ach fíorbheagán gnéithe den saol ann a bhfuil a bhfuiltear in ann a bheith go hiomlán cinnte fúthu nó a bhfuil smacht iomlán againn orthu. Tá bearta gur féidir linn go léir a dhéanamh chun cabhrú lenár gcomhshaol. Is féidir linn oibriú i gcomhar le chéile, mar shampla, chun roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh, agus is féidir brú a chur, sinn uile, ar ghnólachtaí móra agus ar an rialtas, chomh maith. Ba chóir scéalta nuachta dearfacha a roinnt, agus rath agus éachtaí a cheiliúradh, chun dul i ngleic leis an gcreidiúint sin nach bhfuil neart againn ar an fhadhb. D'fhéadfadh sé a bheith de chabhair freisin plé grúpa a dhéanamh agus na mothúcháin agus na hábhair imní seo a admháil agus tacaíocht a roinnt chun athléimneacht a fhorbairt i gcoinne bacainní nó neamhchinnteachtaí. Seachas a bheith ag díriú i gcónaí ar na fadhbanna, spreag daoine chun taithí dhearfach a bhaint as an dúlra, siúlóidí sa choillearnach nó cois farraige mar shampla, nó an t-éanbhreathnú, do phaiste glasraí féin a fhás nó rud eile amuigh faoin spéir a dhéanamh.

# Clár 7 gCéim na Scoileanna Glasa


Lean 7 gCéim na Scoileanna Glasa chun tú a threorú trí d'fheachtas.





**1 Coiste na Scoileanna Glasa –** An bhfuil foireann láidir agat a stiúrfaidh an feachtas?

**2 Athbhreithniú ar an Timpeallacht –** Déan suirbhé ar bhoscaí bruscair agus déan an méid plaistigh a tháirgtear i do scoil a ríomh ar feadh seachtaine. Beidh sé sin de chuidiú duit chun sprioc a leagan síos. Déan suirbhéanna a dháileadh amach ar dhaltaí, ar bhaill foirne agus ar thuismitheoirí maidir lena gcuid eolais agus iompair i leith earraí plaisteacha aonúsáide.



**3 Plean Gníomhaíochta –** bain úsáid as an teimpléad thíos chun do Phlean Gníomhaíochta a shocrú – leag síos spriocanna S.I.I.Á.T.: Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Ábhartha agus Tráthúil.



**4 Monatóireacht & Meastóireacht –** Déan measúnú rialta ar an dul chun cinn atá déanta agat, an bhfuil tú ar an mbóthar ceart? Más rud é nach bhfuil tú ag baint amach do chuid spriocanna, an bhfuil rud éigin ann gur féidir leat a dhéanamh ar bhealach difriúil chun iad a bhaint amach? B'fhéidir gur gá duit do chuid spriocanna a choigeartú beagán más rud é go raibh siad ró-uaillmhianach ag tosach báire.



**Nóta:** Bíonn gach turas difriúil. Ní gá céimeanna a thógáil in ord.

**5 Obair Churaclaim –** Déan nasc idir d'fheachtas agus d'obair ranga i.e. an ealaín, an eolaíocht, an tíreolaíocht, an stair, OSPS.



**6 Daoine a chur ar an eolas agus iad a bheith rannpháirteach –** déan pobal na scoile uile a ghríosú trí lá gníomhaíochta feachtais, comórtais, tráth na gceist, fógraí agus gníomhaíochtaí spraíúla a eagrú. Déan an pobal i gcoitinne a spreagadh chun a bheith páirteach trí dhul i mbun oibrithe le grúpaí agus gnólachtaí áitiúla agus trí thuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoin bhfeachtas.




**7 An Cód Glas –** cum mana le haghaidh an fheachtais, cruthaigh póstaeir leis an mana, nó cén fáth nach ndearfá buidéil ath-inúsáidte fiú agus an mana roghnaithe agus suaitheantas na scoile orthu fiú!

**Barr-leide –** Tá acmhainní breise do scoileanna, lena n-áirítear póstaeir agus cur i láthair PowerPoint, ar fáil ag: www.greenschoolsireland.org/resources

# Saor ó Phláisteach Plean Sampla

**Cuimhnigh:** Cuimhnigh ar sprioc a roghnú atá S.I.I.Á.T.: Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Ábhartha agus Tráthúil.

**Ainm na Scoile::**
Scoil Náisiúnta Samplach

**Comhordaitheoir na Scoileanna Glasa:**
Bean Nic Shampla

**Sprioc:** Tá sé mar sprioc ag Scoil Náisiúnta Samplach buidéil phlaisteacha a laghdú faoi 75 % idir an 1 Meán Fómhair agus an 26 Meitheamh. Is é ár n-inspreagadh chun an feachtas seo a dhéanamh ná an staitistic uafásach go mbeidh níos mó plaisteach ná iasc sna haigéin faoi 2050.

## Réiteach Fadhbanna:

| Constaicí nó bacainní féideartha | Solutions, alternatives and actions |
|---|---|
| Lá i ndiaidh lae, tugann tuismitheoirí deochanna i mbuidéil plaisteacha do leanaí le haghaidh lóin. | Scríobhfaimid chuig tuismitheoirí chun ár n-aidhm agus ár imní i leith an chomhshaoil a chur in iúl dóibh. Cuirfimid rogha eile ar fáil trí scairdeáin uisce óil a chur sa scoil. Déanfaimid airgead a bhailiú le haghaidh buidéal scoile brandáilte ath-inúsáidte le bheith curtha leis an liosta leabhar scoile. Díreoimid aird ar an tionchar diúltach atá ag deochanna siúcra próiseáilte ar shláinte leanaí. |

## Plean Gníomhaíochta:

| Bearta le déanamh | Duine/grúpa freagrach | Fráma ama | Dul chun cinn déanta |
|---|---|---|---|
| Labhair leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann faoinár bhfeachtas. | Bean Nic Shampla. | Faoin 10 Meán Fómhair. | Bualadh leis an bpríomhoide ar an 6ú, d'aontaigh sí go dtacófar leis an bhfeachtas. Seisiún faisnéise déanta leis an bhfoireann am lóin ar an 7ú. |
| Cruthaigh póstaeir chun an scoil a chur ar an eolas. | Sarah agus Eoin ó Choiste na scoileanna Glasa. | Faoin 15 Meán Fómhair. | Críochnaithe agus curtha ina airde ar an 13 Meán Fómhair. |

# Saor ó Phláisteach Plean

**Ainm na Scoile:** ____________________

**Comhordaitheoir na Scoileanna Glasa:** ____________________

**Goal:** Tá sé mar sprioc ag ____________________ (ainm na scoile) ____________________ (spriocphlaisteach) a laghdú faoi ____________ (sprioc %) idir ____________________ (dáta tosaithe an fheachtais) agus ____________________ (dáta críochnaithe feachtaisdate)

Is é an inspreagadh an feachtas seo againne a dhéanamh ná ____________________


____________________________________________________________
cuir isteach cúis, sliocht nó staitistic atá ina údar spreagtha duit gníomhú ar son an chomhshaoi

## Réiteach Fadhbanna:

| Constaicí nó bacainní féideartha | Réitigh, roghanna agus bearta: |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

## Plean Gníomhaíochta:

| Bearta le déanamh | Duine/grúpa freagrach | Fráma ama | Dul chun cinn déanta |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |



## Nótaí:

Clár na Scoileanna Glasa
Uimhir Gutháin: 01 400 2222
rphoist: info@greenschoolsireland.org
www.greenschoolsireland.org

An Taisce
The National Trust for Ireland

Targaíodh an leabhrán seo mar chuid den téama Saoránachta Dhomhanda – an Mhuirthimpeallacht de chuid Clár na Scoileanna Glasa, a bhfuil tacaithe ó Rialtas na hÉireann.

Tacaíonn Clár na Scoileanna Glasa lena Spriocanna Forbartha Domhanda.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland